GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 1



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL GHAILLIMH LE GAEILGE 2006

CLÁR

RÉAMHRÁ ÉAMON Ó CUÍV, T.D., AIRE GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE AGUS GAELTACHTA 2

FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH 3

FOCAL Ó MHÉARA CHATHAIR NA GAILLIMHE 4

FOCAL Ó UACHTARÁN CHUMANN TRÁCHTÁLA NA GAILLIMHE 5

GAILLIMH LE GAEILGE - EOLAS GINEARÁLTA 6

GAILLIMH LE GAEILGE - STRUCHTÚR 7

GAILLIMH LE GAEILGE - COISTÍ AGUS FOIREANN 7

RÁITEAS FÍSE 8

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006
CÉARD ATÁ BAINTE AMACH I 2006? 9

SPRIOC 1
STÁDAS OIFIGIÚIL DHÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE 10

SPRIOC 2
NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA 12

SPRIOC 3
'ÚINÉIREACHT' AN PHOBAIL DEN GHAEILGE A SHAOTHRÚ I bPOBAL NA CATHRACH 36

DLÚTHCHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE 2006 38

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 2

RÉAMHRÁ ÓN AIRE

ÉAMON Ó CUÍV, T.D.,
Aire Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta



Tá mé buíoch do Chathaoirleach agus do Bhord Ghaillimh le Gaeilge as ucht cuireadh a thabhairt an réamhrá seo a scríobh. Bliain dhúshlánach a bheidh i 2006 le feidhmiú ag Gaillimh le Gaeilge. Tá bunús nua don chaidreamh idir mo Roinn-se agus an eagraíocht i mbliana - an Ciste Gnó faoi Chiste na Gaeilge. Cuireadh tús leis an bhFo-Chiste Gnó i 2006 agus bíonn coibhneas idir an chistíocht a bhíonn ar fáil ó mo Roinn agus an chistíocht áitiúil a bheidh ar fáil ó fhoinsí aitiúla ar nós Comhairlí Cathrach nó Cumainn Tráchtála. Níl aon amhras orm ach go mbeidh Gaillimh le Gaeilge in ann don dúshlán.

Chinn Gaillimh le Gaeilge, mar chuid dá Phlean Straitéiseach 2006-2008, staidéar taiscéalaíoch ar an dátheangachas i gCathair na Gaillimhe a choimisiúnú i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i rith 2006. Tugann an Plean Straitéiseach aitheantas don sprioc straitéiseach 'stádas oifigiúil dhátheangach a bhaint amach do Chathair na Gaillimhe' chun 'staid na teanga sa gcathair a bhuanú, agus chun eiseamláir a dhéanamh de Chathair na Gaillimhe, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar áit shainiúil le stádas speisialta sainaitheanta'. Is é an chéad 'Ghníomh' faoin sprioc straitéiseach sin staidéar taiscéalaíoch a choimisiúnú ar cé chomh hindéanta agus atá an dátheangachas i gCathair na Gaillimhe.

Chomh maith leis sin rinneadh athchóiriú iomlán ar shuíomh idirlín Ghaillimh le Gaeilge le tacaíocht speisialta ón Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta. Tá deis ag gnólachtaí na Gaillimhe agus ag muintir na Gaillimhe ar fud an domhain úsáid a bhaint as ardáin idirghníomhacha rud a chabhróidh go mór leis an bpobal gnó agus teanga leanúint ag obair as lámha a chéile. Tá comhairle do ghnólachtaí agus do dhearthóirí grafaice le fáil ar an suíomh nua faoin gcleachtas is fearr, agus an cur chuige is fearr céim ar chéim atá cairdiúil don úsáideoir. Tá réimsí eile atá dírithe ar an bpobal ar fáil ar an suíomh idirlín freisin, ag cur eolas ar fáil faoi imeachtaí agus ócáidí, ranganna agus ballraíocht Chairde Ghaillimh le Gaeilge. Tá úsáideoirí in ann eolas a aimsiú faoi *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh, *Gradam* a bhfuil fás as cuimse tagtha air ó seoladh é i 2002.

Is dúshlán leanúnach buan atá ann an Ghaeilge mar theanga labhartha pobail a choinneáil i réim. Tá ról ag gach aon duine againn sa gcúram seo. Sa bhfís atá ann fíor stádas dhá-theangach a thabhairt don chathair cinnteofar go mbeidh seirbhís tré Ghaeilge ar fáil thar raonta leathana i saol an phobail.

Táim faoi chomaoin ag lucht gnó na cathrach, Comhairle na Cathrach, an earnáil turasóireachta agus earnálacha eile nach iad as a ndícheall an fhís seo a thiomáint chun cinn. Guím gach rath ar an obair atá á dhéanamh i dtreo cáil dhá-theangach a ghnóthú don chathair ársa seo.

Don chathaoirleach, coiste agus foireann Ghaillimh le Gaeilge, mo bhuíochas.

Go mba fada buan sibh.

Éamon Ó Cuív T.D.
Aibreán 2007



FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH

CAITLÍN NIC AN ULTAIGH
Ceannasaí Bainistíochta Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh



Chuir Gaillimh le Gaeilge bliain mhaith oibre i gcríoch i 2006 chun sprioc, Stádas Speisialta Dhátheangach a bhaint amach do Chathair na Gaillimhe. Foilsíodh Straitéis Ghaillimh le Gaeilge 2006-2008 i rith 2006 agus sheol an tAire Éamon Ó Cuív, An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta an straitéis dúinn í mí Aibreán 2006. Tugann an Plean Straitéiseach aitheantas don sprioc straitéiseach 'stádas oifigiúil dhátheangach a bhaint amach do Chathair na Gaillimhe'. Tá Lárionad don Ghaeilge agus do Chultúr na Gaeilge a bhunú san áireamh ag Gaillimh le Gaeilge sa sprioc straitéiseach seo agus samhlaimid go gcuirfeadh sé go mór le stádas na Gaeilge i gCathair na Gallimhe chomh maith le saoráid uile-aimsire a chur ar fáil ar feadh na bliana d'áitritheoirí mar aon le turasóirí. Is cúis áthais do Ghaillimh le Gaeilge go bhfuil an tAire Éamon Ó Cuív ag moladh a leithéid 'Lárionad don Ghaeilge agus do Chultúr na Gaeilge' sa bhforbairt a bheas á dhéanamh sna Duganna, i gCathair na Gaillimhe.

Tá céimeanna tábhachtacha tógtha ag Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le grúpaí eile i gCathair na Gaillimhe i dtreo Stádas Speisialta Dhátheangach a bhaint amach agus tá dúil againn tógáil orthu seo trí tuilleadh comhoibriú leis an gComhairle Cathrach, Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus grúpaí eile sa gCathair. Rinneadh choimisiúnú ar staidéar taiscéalaíoch ar cé chomh hindéanta agus atá an dátheangachas i gCathair na Gaillimhe agus cuireadh an staidéar i gcrích i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus le tacaíocht Bhord Forbartha na Cathrach agus Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe i rith 2006.

Is léir nach bhféadfaí obair den chineál atá luaite sa tuarascáil seo a chur chun cinn gan comhoibriú ó réimse leathan daoine agus eagraíochtaí. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a chuidigh ar aon bhealach leis an obair a chur chun cinn cinn go háirithe leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, An Comhairle Cathrach agus Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Tá buíochas ar leith do na daoine a thugann a gcuid ama go deonach do Ghaillimh le Gaeilge agus do bhaill an Coiste Stiúrtha agus an Coiste Logainmneacha ach go háirithe. Buíochas le foireann Ghaillimh le Gaeilge as a saothar i gcaitheamh na bliana.

Gach rath,

Caitlín Nic an Ultaigh,
Cathaoirleach

FOCAL ÓN MÉARA

AN COMHAIRLEOIR NIALL Ó BROLCHÁIN
Méara Chathair na Gaillimhe

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Thuarascáil Bhliantúil Ghaillimh le Gaeilge 2006. Tá Gaillimh le Gaeilge ag obair ar an nGaeilge a chur chun cinn sa gcathair leis na blianta agus tá sé soiléir go bhfuiltear ag buachaint ó thaobh na haidhme seo a bhaint amach. Tá an Ghaeilge le feiscint agus le cloisint mórthimpeall na cathrach go laethúil agus tá níos mó comhlachtaí ag baint úsáid as an nGaeilge mar uirlis mhargaíochta anois chomh maith. I 2006, seoladh struchtúr nua de *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh, do comhlachtaí le níos lú ná fiche fostaí agus comhlachtaí le níos mó ná fiche fostaí. Léiríonn sé seo dúinn go bhfuil comhlachtaí móra chomh maith le comhlachtaí beaga ag admháil gur bhfiú an Ghaeilge a úsáid mar áis chun cabhrú le híomhá Éireannach a chur trasna agus iad i mbun ghnó. Rinne Gaillimh le Gaeilge athchóiriú iomlán ar a suíomh idirlín i 2006 chomh maith agus tugann sé seo deis do ghnónna mórthimpeall an domhain úsáid a bhaint as ardán idirghníomhach Gaeilge.

Is cúis áthais dom tagairt a dhéanamh don Staidéar Taiscéalaíoch ar an nDátheangachas a bhí coimisiúnta i 2006 i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus níl dabht ar bith agam ach go dtabharfaidh sé seo cathair na Gaillimhe níos comhgaraí fós chuig stádas oifigiúil dhátheangach a bhaint amach. Chomh maith leis seo, tá áthas orm a rá go bhfuil Coiste Logainmneacha bunaithe i gcomhar leis an gComhairle Cathrach agus tá an coiste in ann cabhair a thabhairt do thógálaithe eastát tithíochta nua.

Is iontach an rud é go dtugann Comhairle Cathrach na Gaillimhe cabhair, tacaíocht agus infheistíocht do Ghaillimh le Gaeilge agus tá súil agam go leanfaidh an gaol seo ar aghaidh sna blianta atá romhainn. Guím gach rath ar Ghaillimh le Gaeilge agus iad i mbun a gcuid oibre sa todhchaí agus níl dabht ar bith agam ach go mbeidh stádas oifigiúil dhátheangach bainte amach ag cathair na Gaillimhe sar i bhfad - Gaillimh, Príomhchathair Dhátheangach na hÉireann.

Gach rath oraibh.

Niall Ó Brolcháin.
Méara Chathair na Gaillimhe.

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 5

FOCAL ÓN UACHTARÁN

DAVID NILAND
Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe

Tá mé thar a bheith sásta, mar Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, go bhfuil an caidreamh idir an Cumann Tráchtála agus Gaillimh le Gaeilge ag dul i dtreise arís i mbliana. Tá muid ag tacú i gcónaí le hobair Ghaillimh le Gaeilge, ag cur chun cinn úsáid na Gaeilge laistigh den earnáil ghnó ar gach bealach is féidir.

Tá an méadú ar úsáid na Gaeilge i measc ghnólachtaí na Gaillimhe le feiceáil i gcomharthaíocht, litearthacht agus obair laethúil na ngnólachtaí sa gcathair agus sa gceantar máguaird. Is teistiméireacht an méadú seo don méid oibre atá déanta ag Gaillimh le Gaeilge agus an chomhairle, saineolas agus tacaíocht a chuireann an eagraíocht ar fáil ar bhealach gairmiúil agus cairdiúil do thrádálaithe aonair, fiontair bheaga agus meánfhiontair chomh maith le corparáidí idirnáisiúnta i nGaillimh. Baineann na comhlachtaí seo úsáid as an nGaeilge mar acmhainn le fiúntas breise agus coinníonn siad ag spreagadh a bhfoireann a gcuid scileanna Gaeilge, scríofa agus labhartha, a fhorbairt agus a fheabhsú. Tá seo ríshoiléir ón tóir a bhíonn ar Ghradam Sheosamh Uí Ógartaigh Ghaillimh le Gaeilge, a mheallann níos mó agus níos mó iontrálaithe chuile bhliain. Cuireadh próiseas athbhrandála i bhfeidhm i gCumann Tráchtála na Gaillimhe anuraidh, faoi mar a rinneadh i 60 Cumann eile ar fud na tíre chomh maith lenár scáth-eagraíocht, Cumainn na hÉireann. Ghlac na Cumainn le branda coitianta agus baineann gach Cumann úsáid as an líne 'In Business for Business'. De bharr tábhacht na Gaeilge do Ghaillimh agus do Ghnólachtaí na Gaillimhe, áfach, baintear úsáid as an mana 'I mbun gnó ar son gnó' anseo. Tá úsáid á bhaint againn as ár mbrandáil nua le níos mó ná bliain agus tá glactha go fabhrach leis. Tá bród orainn go bhfuil an Ghaeilge mar chuid d'ár gcéad pointe teagmhála. Tá Cumann Tráchtála na Gaillimhe ag súil le bheith ag obair le Gaillimh le Gaeilge don naoú bliain déag agus tréaslaíonn muid libh as bhur rathúlacht agus éachtaí leanúnacha.

David Niland
Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 6

EOLAS GINEARÁLTA

GAILLIMH LE GAEILGE

Bunaíodh Gaillimh le Gaeilge i 1987 le go neartófaí an Ghaeilge, go háirithe mar acmhainn eacnamaíochta i limistéar na Gaillimhe. Oibríonn Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus grúpaí eile chun íomhá Ghaeilge na Cathrach a fhorbairt agus a threisiú agus Cathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar Phríomhchathair Dhátheangach na hÉireann.

ÁR gCUID OIBRE

Cuireann muid comhairle agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil do chomhlachtaí atá ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid ina ngnó, go háirithe mar uirlis núíosach mhargaíochta. Tá scéim 'Cairde' againn, eagraíonn muid *Gradam* bliantúil agus bíonn muid páirteach i dtograí dhátheangacha ina ndéantar forbairt orthu i gcomhar le grúpaí eile i gcathair na Gaillimhe. Cothaítear teagmháil leanúnach leis an lucht gnó trí chlár ilghnéitheach sóisialta agus nasctha, lena n-áirítear nuachtlitir mhíosúil, lónta gnó agus ócáidí sóisialta.

AN COISTE LOGAINMNEACHA

Bunaíodh an Coiste Logainmneacha i 1992 i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun ainmneacha oiriúnacha i nGaeilge a chur ar fáil d'eastáit nua sa gcathair. Tá ionadaithe ar an gCoiste ón bPost, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, chomh maith le staraithe áitiúla agus saineolaithe logainmneacha. Oibríonn an coiste le tógálaithe agus déanann siad iarracht ainmneacha a chur ar fáil a chuirfeadh bród ar áitritheoirí agus a chothóidh meas sna glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh.

GRADAM SHEOSAMH UÍ ÓGARTAIGH

Is í an aidhm atá leis an n*Gradam* seo ná aitheantas a thabhairt do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí a bhfuil an Ghaeilge in úsáid ina ngnó, agus mar thoradh ar sin, atá rannpháirteach i nGaillimh a chur chun cinn mar Phríomhchathair Dhátheangach na hÉireann. Tá an *Gradam* roinnte i ndá chatagóir– comhlachtaí le níos lú na fiche fostaí agus comhlachtaí le níos mó ná fiche fostaí. Bronntar macasamhail den *Ghradam*, urraithe ag Údarás na Gaeltachta agus deartha go speisialta ag an ealaíontóir cáiliúil Pádraic Reaney, ar an bpríomhbhuaiteoir i ngach catagóir. As sin, roghnaitear buaiteoir iomlán an *Ghradaim* agus bronntar *Gradam* Sheosamh Uí Ógartaigh orthu mar aon le duaiseanna agus buntáistí breise eile.

CAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

Is grúpa iad Cairde Ghaillimh le Gaeilge ar mian leo a bheith rannpháirteach in obair Ghaillimh le Gaeilge maidir le cathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar Phríomhchathair Dhátheangach na hÉireann. Tríd íocaíocht bhliantúil a dhéanamh, is féidir leat a bheith mar 'Cara', 'Cara Maith' nó 'Dlúthchara', lena gcuid buntáistí féin ag gach ceann!

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 7

COISTÍ AGUS AN FHOIREANN



Tá triúr fostaithe go lánaimseartha ag Gaillimh le Gaeilge faoi láthair agus is é an Bord, le hochtar Stiúrthóirí, a leagann amach an polasaí. Faigheann Gaillimh le Gaeilge maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta tríd an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Cairde Ghaillimh le Gaeilge i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Tá Gaillimh le Gaeilge cláraithe mar chuideachta theoranta le stádas carthanachta agus dá bhrí sin mar chuideachta nach do bhrabús í.

COISTE STIÚRTHA:

Caitlín Nic an Ultaigh *(Cathaoirleach)*	Ceannasaí Bainistíochta, Acadamh na hOllscollaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
Andrew D'Arcy	Ceann Forbartha, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Maigheo
Pádraig Ó Beaglaoich	Iar Phríomh Oifigeach don Státseirbhís
Iognáid Ó Muircheartaigh	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Joe Greaney	Stiúrthóir, WESTBIC
Tomás Breathnach	Timire Gaeilge, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
Pádraig Ó Ráighne	Feidhmeannach Margaíochta TG4
Máire Mhic Aodha	Banc na hÉireann

FÉACHADÓIR

Uinseann Mac Thomáis	Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

AN COISTE LOGAINMNEACHA:

Christy Kelly *(Cathaoirleach)*	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Séamus Ó Gráda *(Leas-Chathaoirleach)*	An Post
Peadar O'Dowd	Staraí
Iarla Mac Aodha Bhuí	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Dr. Nollaig Ó Muraile	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Breanndán Ó Suilleabháin	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
An Comhairleoir John Mulholland	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
An Comhairleoir Tom Costello	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Jim Higgins	Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Breandán Ó hEaghra	Oifigeach Gaeilge agus Cumarsáide Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Séamas Mac Coitir	Gleann na Coille
Bríd Ní Chonghóile	Gaillimh le Gaeilge

AN FHOIREANN:

Bríd Ní Chonghóile	Ardfheidhmeannach
Gearóidín Ní Ghioballáin	Bainisteoir Tograí
Mícheál Ó Ceallaigh	Riarthóir Oifige

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 8

RÁITEAS FÍSE

ÁR BHFÍS DON GHAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE

Tá ár bhfís do Ghaillimh le Gaeilge fite fuaite lenár bhfís don Ghaeilge i gcathair na Gaillimhe, agus feicimid go mbraitheann siad araon ar a chéile – agus nach féidir teacht ar cheann acu gan an ceann eile agus nach féidir ceann a bhaint amach gan an ceann eile a bhaint amach.

SEO Í ÁR BHFÍS:

Tá léirmhíniú comhaontaithe maidir le dhátheangachas ag Gaillimh le Gaeilge agus ag geallsealbhóirí lárnacha i nGaillimh agus oibríonn Gaillimh le Gaeilge leis na geallsealbhóirí sin chun forbairt leanúnach Chathair na Gaillimhe mar chathair dhátheangach a leagan amach. Cuireann stádas dhátheangach na Gaillimhe le mórtas cine agus le féiniúlacht mhuintir na Gaillimhe, cuireann sé le híomhá na Gaillimhe agus le féinmheas mhuintir na Gaillimhe. Tá sochair shóisialta agus sochair ábhartha ag baint le stádas dhátheangach na Gaillimhe.

SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA 2006-2008

Tá trí sprioc straitéiseacha lárnacha leagtha síos ag Gaillimh le Gaeilge don tréimhse 2006-2008.
Is spriocanna iad sin a bhraitheann ar a chéile agus is féidir iad a chatagóiriú mar seo a leanas.

1 STÁDAS DHÁTHEANGACH
2 AN GHAEILGE A 'NORMALÚ'
3 ÚINÉIREACHT

**"Cuirim fáilte roimh straitéis Ghaillimh le Gaeilge 2006-2008.
Is ré nua i bhforbairt Ghaillimh le Gaeilge agus i stadás na Gaeilge
i gcathair na Gaillimhe an chéim seo."**

**An tAire Éamon Ó Cuív,
Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta**

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

CÉARD ATÁ BAINTE AMACH I mBLIANA?

Gaillimh le Gaeilge

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 10

1

SPRIOC STRAITÉISEACH 1:

STADÁS DHÁTHEANGACH OIFIGIÚIL A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE.

2006

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

01.1

SEOLADH PLEAN STRAITÉISEACH GHAILLIMH LE GAEILGE 2006-2008

Sheol an tAire Éamon Ó Cuív, Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta an straitéis i mí Aibreán 2006 agus tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín Ghaillimh le Gaeilge – www.gleg.ie – nó ón oifig ar dhlúthdhiosca. Tugann an plean straitéiseach aitheantas don sprioc straitéiseach stádas oifigiúil dhátheangach a bhaint amach do chathair na Gaillimhe chun staid na teanga sa gcathair a bhuanú, agus chun eiseamláir a dhéanamh de chathair na Gaillimhe, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta mar áit shainiúil le stádas speisialta sainaitheanta.

Bríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge agus An tAire Éamon Ó Cuív, Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta ag seoladh Straitéis Ghaillimh le Gaeilge 2006-2008.

1.2

RINNEADH STAIDÉAR TAISCÉALAÍOCH AR AN DÁTHEANGACHAS I gCATHAIR NA GAILLIMHE I gCOMHAR LE COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE AGUS AN ROINN GNÓTHAÍ POBAIL TUAITHE AGUS GAELTACHTA AGUS LE TACAÍOCHT BHORD FORBARTHA NA CATHRACH AGUS FÓRAM POBAIL CHATHAIR NA GAILLIMHE

Chinn Gaillimh le Gaeilge, mar chuid dá Plean Straitéiseach 2006-2008, staidéar taiscéalaíoch ar an dátheangachas i gCathair na Gaillimhe a choimisiúnú i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta agus le tacaíocht Bhord Forbartha na Cathrach agus Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe. Is é an chéad 'Ghníomh' faoin sprioc straitéiseach 'stádas oifigiúil dhátheangach a bhaint amach do chathair na Gaillimhe' - 1.1 staidéar taiscéalaíoch a choimisiúnú ar cé chomh hindéanta agus atá an dátheangachas i gCathair na Gaillimhe agus cuireadh an staidéar i gcrích i rith 2006.

"Cuirim fáilte roimh an straitéis seo ó Ghaillimh le Gaeilge, ceannródaithe i gcur chun cinn na Gaeilge. Tá sé tábhachtach d'aon eagraíocht athnuachan agus meastóireacht a dhéanamh orthu féin agus tuiscint reatha a bheith acu ar an dtimpeallacht ina noibríonn siad. Ar an mbealach sin tá seans níos mó acu dul i bhfeidhm ar an dtimpeallacht sin agus tionchar éifeachtach a bheith acu air. Is ré nua i bhforbairt Ghaillimh le Gaeilge agus i stádas na Gaeilge i gcathair na Gaillimhe í an chéim seo."

An tAire Éamon Ó Cuív, Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta.

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 11

GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO 2007

2007

- **Tá sé mar aidhm againn an 'Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe' a sheoladh i rith 2007.**

- **Tá sé mar aidhm againn fís chomhaontaithe de Ghaillimh dhátheangach a aithint:** Is gné lárnach agus riachtanach de stádas dhátheangach a bhaint amach don chathair é a bheith in ann Cathair dhátheangach a aithint le féachaint uirthi – conas a mbreathnódh sé agus cén tionchar a bheadh aige ar an saol i gCathair na Gaillimhe. Ligfidh sé don phobal gnó agus don phobal i gcoitinne an coincheap a thuiscint agus cheadódh sé fóram oscailte do chúrsaí plé agus comhthathú.

- **Tá sé mar aidhm againn an dátheangachas a éascú trí eochair- eagraíochtaí:** Samhlaíonn Gaillimh le Gaeilge go mbeidh tacaíocht agus rannpháirtíocht raon eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí sa gcathair riachtanach chun an sprioc seo a bhaint amach. Áirtear leis sin tacaíocht ó bhrateagraíochtaí, ó ghrúpaí pobail, ó údaráis áitiúla agus ó phobal ginearálta chathair na Gaillimhe.

"Caithfidh Gaillimh le Gaeilge a thalamh féin a sheasamh i gcathair nua seo na Gaillimhe agus an Ghaeilge a chur i láthair i gcomhthéacs gach ceann de na hearnálacha tráchtála sin mar uirlis mhargaíochta agus chumarsáide phraiticiúil agus inbhuanaithe."

Caitlín Nic an Ultaigh,
Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge

2 SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANNA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA 2006

Tá sé mar aidhm ag Gaillimh le Gaeilge go dtarlóidh sé go mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil, le feiceáil agus á húsáid i gcathair na Gaillimhe mar ghnáthchuid de shaol na cathrach. Tá sé i gceist againn atmaisféar den normalú teanga a bhunú don Ghaeilge de réir a chéile agus go nglacfar leis an nGaeilge agus go mbeidh súil leis an nGaeilge i saol bríomhar na cathrach. Síneann normalú isteach i ngach cuid den chathair agus bíonn tionchar aige ar gach gné de shaol na cathrach – ó bheith ag ceannach builín go teach a cheannach. Is éard a bheidh i gceist leis ná an Ghaeilge a úsáid trí shreanga uile an tsaoil, ó leibhéal an ghnó go leibhéal an phobail agus ón leibhéal poiblí go dtí an leibhéal príobháideach. Ní hé go bhfuil sé i gceist go mbeadh an Ghaeilge éigeantach, ach go nglacfaí leis an nGaeilge mar ghnáthchuid de shaol na Gaillimhe nuair a fheicfear í, nuair a chloisfear í agus nuair a labharfar í. Is laistigh de thimpeallacht normálaithe teanga a shamhlaíonn Gaillimh le Gaeilge cothú agus fás sláintiúil na Gaeilge.

Tá tograí áirithe idir lámha ag Gaillimh le Gaeilge chun an sprioc thuas a bhaint amach, ina measc tá: -

- AN COISTE LOGAINMNEACHA
- *GRADAM* SHEOSAMH UÍ ÓGARTAIGH
- SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE
- AN GHAEILGE SA nGNÓ
- WWW.GLEG.IE
- NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

Pádraig Ó hAoláin, Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta, David Niland, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Niall Ó Brolcháin, Méara na Gaillimhe agus Michael Coyle, Príomhfheidhmeannach Chumann Tráchtála na Gaillimhe ag seoladh structúr nua *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh ag preas ócáid i gCumann Tráchtála na Gaillimhe.

Keith Finnegan, Príomhfheidhmeannach, Galway Bay F.M., Proinséas Ó hÓgartaigh, David Niland, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge agus Máire Ní Loinsigh, Údarás na Gaeltachta ag preas ócáid ag seoladh struchtúr nua *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh i gCumann Tráchtála na Gaillimhe

Pádraic Reaney, dearthóir *Gradam* Sheosamh Uí Ógartaigh, Peggy Carty O'Brien, Uachtarán BPW agus Paul Colleran, Colleran's Galway ag preas ócáid ag seoladh struchtúr nua *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh i gCumann Tráchtála na Gaillimhe.

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.1

SEOLADH STRUCTÚR NUA *GHRADAM* SHEOSAMH UÍ ÓGARTAIGH

Tá méadú agus forbairt tagtha ar an n*Gradam* seo ó bunaíodh é cúig bliana ó shin agus chun na forbairtí nua seo a léiriú seoladh struchtúr nua *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, Cumann Tráchtála na Gaillimhe, Galway Advertiser, Galway Bay F.M., agus Snap Printing Déardaoin 23 Samhain 2006. Déanadh an *Gradam* a roinnt i ndá chatagóir-comhlachtaí le níos lú ná fiche fostaí agus comhlachtaí le níos mó ná fiche fostaí. Bronnadh macasamhail den *Ghradam*, urraithe ag Údarás na Gaeltachta agus deartha go speisialta ag an ealaíontóir cáiliúil Pádraic Reaney ar an bpríomhbhuaiteoir i ngach catagóir agus uatha sin, roghnaíodh BUAITEOIR iomlán an *Ghradaim* agus bronnadh *Gradam* Sheosamh Uí Ógartaigh orthu maraon le duaiseanna agus buntáistí nua eile I measc na nduaiseanna agus buntáistí tá,:-

GALWAY ADVERTISER:
Pacáiste Poiblíochta: **Luach €7,000**

SNAP PRINTING:
Priontáil agus Comhairleoireacht, Dearadh/Margaíocht: **Luach €1,500**

GALWAY BAY F.M:
28 Spota (spotaí lae): **Luach €1,395**

CUMANN TRÁCHTÁLA NA GAILLIMHE:
Ballraíocht don bhliain.

GAILLIMH LE GAEILGE:
DLÚTHCHARA don bhliain.

ÁR NURRAÍ - *GRADAM* SHEOSAMH UÍ ÓGARTAIGH GO RAIBH MAITH AGAIBH

Christy Kelly, Cathaoirleach, Coiste Logainmneacha na Gaillimhe, Comhairle Cathrach na Gaillimhe,Tom Leonard, Staid an Phiarsaigh agus Martin Quinn, Bus Éireann ag seoladh struchtúr nua *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh ag preas ócáid i gCumann Tráchtála na Gaillimhe.

Rachael Stewart, JSL Group (Stewart) Ltd. Marcella McGrath, The Kings Head agus Patricia Lohan, Lohans Bar & Restaurant, ag seoladh struchtúr nua *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh ag preas ócáid i gCumann Tráchtála na Gaillimhe.

Coilí Flaherty, Tigh Choilí, Monica Flaherty, Tigh Choilí agus Mick Crehan, Crane Bar ag seoladh struchtúr nua *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh ag preas ócáid i gCumann Tráchtála na Gaillimhe.

2

SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANNA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2006

BUAITEOIRÍ

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.1

FÓGRAÍODH TREABH NUA NA GAILLIMHE:

Bhronn an tAire Éamon Ó Cuív, T.D. dealbh álainn, deartha go speisialta don *Ghradam* ag Pádraic Reaney agus a léiríonn 14 Treabh na Gaillimhe, le treibh amháin bhreise chun buaiteoir *an Ghradaim* a chur in iúl – Treibh nua na Gaillimhe, ar Arandirect.com /Caol Díreach go hÁrainn. Bronnadh pacáiste orthu freisin ón nGrúpa Nuachtán Galway Advertiser, Cumann Tráchtála na Gaillimhe, Galway Bay F.M. agus Snap Printing luach €10,000. Thréaslaigh an tAire leis an mbuaiteoir agus dúirt arís go bhfuil ról fíor-thábhachtach ag gnólachtaí i gCathair na Gaillimhe chun aitheantas a thabhairt do mhargadh na gcainteoirí Gaeilge sa gCathair agus sa gceantar máguaird, chomh maith leis an mbuntáiste eacnamaíoch atá le gnóthú ó acmhainn nádúrtha na Gaillimhe – an Ghaeilge. Cuireann Arandirect.com/Caol Díreach go hÁrainn seirbhís fharantóireachta ar fáil chuig oileáin Árann agus tá oifigí acu i gCathair na Gaillimhe agus i Ros a'Mhíl.

Tá polasaí láidir Gaeilge i bhfeidhm ag an gcomhlacht ina gcúrsaí gnó ar fad agus an Ghaeilge á cur chun cinn acu go gníomhach mar chuid dá ngníomhaíochtaí díolacháin agus margaíochta. Tá tiomantas an chomhlachta maidir leis an dátheangachas léirithe lena mbranda aitheantais dhátheangach, a stáiseanóireacht dhátheangach agus úsáid na Gaeilge ina gcuid fógraíochta, ticéid, rphoist, fón, fógraí poiblí agus ar a suíomh idirlín, (www.arandirect.com) agus dar ndóigh tá seirbhís iomlán trí Ghaeilge ar fáil acu. Ba iad Pádraic Ó Ráighne, (TG4), Maeve Joyce (Cumann Tráchtála na Gaillimhe) agus Alex Hijmans (iarbhuaiteoir *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh) a rinne an mholtóireacht i 2006.

An tAire Éamon Ó Cuív, Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, ag bronnadh *Gradam* Sheosamh Uí Ógartaigh ar Karen Smyth, Bainisteoir Margaíochta Arandirect.com/Caol Díreach go hÁrainn agus Sarah Clancy, Úinéir an Chomhlachta.

2.1

Ó Chlé: Joe McGrath, Bainisteoir na Cathrach, Pádraic Ó Ráigne TG4, {Moltóir} Sarah Clancy, AranDirect.com, Peadar Ó Maoláin, Údarás na Gaeltachta, {urraitheoirí} Karen Smyth, AranDirect.com, An Comhairleoir Niall Ó Brolcháin, Méara na Gaillimhe, Maeve Joyce, Cumann Tráchtála na Gaillimhe {moltóir} ag ócáid bhronnta *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh.

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.1 FÓGRAÍODH TIGH TAAFFES MAR BHUAITEOIRÍ AN DARNA CATAGÓRA, COMHLACHTAÍ LE NÍOS LÚ NÁ FICHE FOSTAÍ.

Bhí dhá chatagóir ag baint leis an *nGradam* i 2006 don chéad uair– comhlachtaí le níos lú ná fiche fostaí agus comhlachtaí le níos mó ná fiche fostaí.

Fógraíodh Tigh Taaffes mar bhuaiteoirí an darna catagóra, comhlachtaí le níos lú ná fiche fostaí. Tá Tigh Taaffes suite i gcroílár Chathair na Gaillimhe. Tá clann Lally i mbun an bheáir seo le beagnach fiche bliain. Tá an-cháil ar Taaffes ar Shráid na Siopaí de bharr a n-atmaisféar Gaelach. Cloistear an Ghaeilge agus ceol traidisiúnta go minic sa bpub agus is ann a théann go leor cainteoirí Gaeilge agus turasóirí i gCathair na Gaillimhe. Tá go leor comharthaí i nGaeilge laistigh den phub agus ar na fuinneoga. Tá siad ag cur lena gcomharthaíocht Ghaeilge (boscaí cipíní, t-léinte atá ar díol, t-léinte d'fhostaithe, biachláir 'srl). Tapaíonn an fhoireann gach deis chun an Ghaeilge a úsáid agus iad sásta í a labhairt agus seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil.

Tá cáil ar cheol traidisiúnta Taaffes a bhíonn le cloisteáil gach lá. Tagann daoine ó Chonnamara agus Oileáin Árann chomh maith le cainteoirí Gaeilge Chathair na Gaillimhe chuig Taaffes go minic. Tá Gaeilge líofa ag an gcuid is mó den fhoireann agus í in úsáid acu chomh minic agus is féidir.

An tAire Éamon Ó Cuív, Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, ag bronnadh macashamhail de *Gradam* Sheosamh Uí Ógartaigh ar Mháirtin Lally, Tigh Taaffes buaiteoir an darna catagóra, comhlachtaí le fiche nó níos lú fostaí.



Máirtín Lally, Úinéir, Tigh Taaffes, Sráid na Siopaí, Gaillimh.

BUAITEOIRÍ AN DARNA CATAGÓRA

2

SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANNA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2006

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.1

BHAIN NA COMHLACHTAÍ SEO A LEANAS AMACH AN GEARRLIOSTA SA gCATAGÓIR-COMHLACHTAÍ LE NÍOS LÚ NÁ FICHE FOSTAÍ

EUROPA BICYCLES, OILEÁN IARLA

LOHANS BAR & RESTAURANT, BÓTHAR NA TRÁ

TIGH TAAFFES, SRÁID NA SIOPAÍ (BUAITEOIRÍ SA gCATAGÓIR COMHLACHTAÍ LE NÍOS LÚ NÁ FICHE FOSTAÍ)

EUROPA BICYCLES

Bunaíodh Europa Bicycles i 1989 mar áit le do chuid riachtanais rothaíochta ar fad a shású. Tá daoine ó chuile chearn den domhan tar éis rothair a fháil ar cíos ó Europa Bicycles agus tá foireann oilte ar fáil chun plé le fiosrúcháin faoi úsáid agus cúram rothar. Tá Europa Bicycle an bhródúil go bhfuil ar a gcumas seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge. Baintear úsáid as an nGaeilge ina gcuid stáiseanóireachta, comharthaíochta agus fógraíochta freisin.

An tAire Éamon Ó Cuív ag bronnadh teastas ar JP Codd, Europa Bicycles, Oileán Iarla, a bhain amach an gearrliosta sa gcatagóir comhlachtaí le fiche nó níos lú fostaí

LOHANS BAR & RESTAURANT

Tá Lohans Bar & Restaurant lonnaithe i gcroílár Bhóthar na Trá, in aice leis an b'Prom' agus cúpla nóiméad ó lár na cathrach. Tá biachlár blasta de bhia idirnáisiúnta ar fáil i rith an lae chomh maith le liosta cuimsitheach d'fhíon agus de bheoir idirnáisiúnta chun dul leis an mbia. Déanann Lohans freastal ar chuile ócáid, is cuma maidín, tráthnóna nó oíche a bheith i gceist. Tá deathionchar na Gaeilge le sonrú ar an ngnó laethúil le biachláir, comharthaíocht agus fógraíocht dhátheangach in úsáid.

An tAire Éamon Ó Cuív ag bronnadh teastas ar Patricia Lohan, Lohans Bar & Restaurant, Bóthar na Trá a bhain amach an gearrliosta sa gcatagóir comhlachtaí le fiche nó níos lú fostaí.

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.1 **BHAIN NA COMHLACHTAÍ SEO A LEANAS AMACH AN GEARRLIOSTA SA GCATAGÓIR-COMHALCHTAÍ LE NÍOS MÓ NÁ FICHE FOSTAÍ**

ARANDIRECT.COM/CAOL DÍREACH GO HÁRAINN, SRÁID FHORSTER, GAILLIMH (BUAITEOIRÍ *GHRADAM* SHEOSAMH UÍ ÓGARTAIGH)

CUMANN PEILE GHAILLIMH AONATITHE, PÁIRC THÍR OILEÁIN, GAILLIMH

HARRMACK DEVELOPMENTS, TEACH UÍ EARCHAÍ, BR. THUAMA, GAILLIMH

CUMANN PEILE GHAILLIMH AONATITHE, PÁIRC THÍR OILEÁIN, GAILLIMH

D'éirigh le Cumann Peile Ghaillimh Aontaithe ardú chuig an Ardshraith Peile le linn an tséasúir seo agus d'éirigh lena n-iarracht séasúrach a bpolasaí dhátheangach do na clubanna a chur i bhfeidhm freisin. Bhí nuacht seachtainiúil trí Ghaeilge ar shuíomh idirlín na gclubanna, altanna trí Ghaeilge i gcláir na gcluichí, cur i láthair dhátheangach poiblí ar oícheanta na gcluichí. Chomh maith leis sin, bhí lucht leanúna na gclubanna fíor-shásta le húsáid na Gaeilge ar mharsantacht na gclubanna, na geansaithe, caipíní, t-léinte agus stáiseanóireacht. Craolann TG4 beo ó Pháirc Thír Oileáin agus rinneadar clár faisnéise iontach le linn na Nollag faoin gcluiche UEFA 1986 idir An Cheathrú Rua agus Gronigen.

HARRMACK DEVELOPMENTS, TEACH UÍ EARCHAÍ, BR. THUAMA, GAILLIMH

Bunaíodh Harrmack Developments ceithre bliana ó shin nuair a thóg siad Teach Harrmack ar bhóthar Thuama i gCathair na Gaillimhe agus bhunaigh oifig ann. Is comhlacht forbartha bríomhar é seo, agus an Ghaeilge á fhí isteach, de réir a chéile, i ngnéithe éagsúla dá ngnó acu agus tá an teanga an-fheiceálach laistigh den chomhlacht. Bhí bród ar Harrmack Developments a bheith ar an ngearrliosta den chúig chomhlacht deireanach do Ghradam Sheosamh Uí Ógartaigh.

I MEASC NA NAINMNIÚCHÁIN EILE BHÍ:-

Banc na hÉireann
Busanna Lally
Comharthaí an Lasair Choille
Hession Life & Pensions
Manage IT
Neylon & Co.
Ó Cearbhaill & Co.,
Pádraic Ó Máille Group
Staid an Phiarsaigh
Seodóirí Cheilteach an Chladaigh
Tacsaithe na Gaillimhe
The Kings Head
The Malt House

Ba mhaith le Gaillimh le Gaeilge buíochas a ghabháil leis na hainmnithe go léir as ucht a bheith rannpháirteach sa *nGradam* agus as ucht a gcuid oibre leanúnaí i gcur chun cinn Chathair na Gaillimhe mar Phríomhchathair Dhátheangach na hÉireann.

An tAire Éamon Ó Cuív, Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, ag bronnadh teastas ar Niall Ó Raghallaigh, Cumann Peile Ghaillimh Aontaithe a bhain amach an gearrliosta sa gcatagóir le níos mó ná fiche fostaí.

An tAire Éamon Ó Cuív, T.D. ag bronnadh teastas ar James Harris, Harrmack Developments a bhain amach an gearrliosta sa gcatagóir le níos mó ná fiche fostaí.

An Comhairleoir Catherine Connolly, Máirtín Ó Catháin, Iriseoir, agus Alex Hijmans, Foinse agus duine de mholtóirí *an Ghradaim* ag bronnadh *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh in Óstán an Ard Oileáin.

Séamus Mac Coitir, Coiste Logainmneacha na Gaillimhe, An Comhairleoir John Mulholland, agus Joe McGrath, Bainisteoir na Cathrach ag ócáid bhronnta *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh in Óstáin an Ard Oileáin, Gaillimh.

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 18

2

SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANNA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2006

2007

GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO 2007

- Tá sé mar aidhm againn leanúint leis an *nGradam* chun próifíl úsáid na Gaeilge sa ngnó a ardú.
- Tá sé mar aidhm againn *Gradam* 2006 a bhronnadh & feachtas poiblíochta a bhainistiú.
- Tá sé mar aidhm againn comhpháirtíocht leis na meáin a láidriú agus aird na meán náisiúnta a tharraingt ar an *nGradam* i gcomhar leis na meáin áitiúla.
- Tá sé mar aidhm againn úsáid a bhaint as an *nGradam* chun léargas níos soiléire a thabhairt ar an 'gcleachtas is fearr' in úsáid na Gaeilge sa ngnó.
- Tá sé mar aidhm againn úsáid a bhaint as an *nGradam* chun comhlachtaí nua a mhealladh chuig an scéim Cairde agus an Ghaeilge a úsáid.

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.2 AN COISTE LOGAINMNEACHA

Jim Higgins, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Lean an Coiste Logainmneacha lena gcuid oibre ag cur comhairle, eolas agus inspreagadh ar fáil d'fhorbraitheoirí eastát nua maidir le húsáid na Gaeilge sa gcathair.

Tá oidhreacht teangeolaíochta iontach i nGaillimh atá léirithe ina gcuid logainmneacha atá mar chuid d'acmhainn shaibhir chultúrtha na cathrach.

Choinnigh Gaillimh le Gaeilge, i gcomhar le baill an Choiste, ag moladh aistriúchán cruinn agus beacht agus chinntigh an réimse leathan saineolais a bhí ar fáil go mbeadh brí agus blas áitiúil chomh maith le comhthéacs stairiúil ag baint leis na hainmneacha a roghnaíodh.

Tagann an obair leanúnach go maith le polasaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i dtaobh na Gaeilge agus cinntíonn dúthracht an Choiste go raibh Cathair na Gaillimhe chun cinn fiú sula gcuireadh Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm.

Is cúis ríméid é go bhfuil údaráis áitiúla eile spreagtha ag ceannródaíocht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le Coiste Logainmneacha a bhunú. I rith na bliana, thug grúpa Comhairleoirí agus Oifigigh ó Chomhairle Cheantar Fhear Manach cuairt ar Ghaillimh le staidéar a dhéanamh ar obair an Choiste Logainmneacha sa gcathair agus ar an gcaoi a dtagann an coiste ar ainmneacha do na heastáit nua tithíochta i nGaeilge.

Chas an grúpa, de 11 comhairleoirí, le Comhairleoirí Cathrach na Gaillimhe, An Comhairleoir Tom Costello, An Comhairleoir Niall Ó Brolcháin, Méara na Gaillimhe, An Comhairleoir John Mulholland agus An Comhairleoir Michael Leahy, {Ar dheis Dé go raibh a Anam Uasal} chomh maith le hoifigigh ón gCoiste Logainmneacha le tuiscint níos fearr a fháil ar obair an Choiste Logainmneacha féin, ar an gcaoi ar tháinig sé ar an bhfód agus ar mheoin an phobail go ginearálta ina leith.

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 20

2

SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANNA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2006



DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.2

AN COISTE LOGAINMNEACHA

Jim Higgins, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Tá súil ag Comhairleoirí Chomhairle Ceantar Fhear Manach go mbeidh siad féin in ann córas cosúil leis an gCoiste a chur i bhfeidhm ina gceantar féin le forbairtí nua a ainmniú agus ag an am céanna ag tabhairt meas agus omós don oidhreacht áitiúil, do stair agus do thraidisiún an cheantair.

Ar deireadh, ba mhaith linn fáiltiú roimh chinneadh Chomhairle Chontae na Gaillimhe Coiste Logainmneacha a bhunú chomh maith. Léiríonn seo tuiscint ar oidhreacht teangeolaíochta na hÉireann. Fáiltíonn muid chomh maith roimh bhall nua ar Choiste Logainmneacha na Cathrach, Oifigeach Gaeilge nua Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Máire Ní Mhulláin.

Comhairleoirí Cathrach na Gaillimhe agus baill de Choiste Logainmneacha, Comhairle Cathrach na Gaillimhe in éineacht le Comhairleoirí agus Oifigigh Ó Cheantar Fhear Manach nuair a thug siad cuairt ar Ghaillimh i rith 2006.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2007

2007

- Tá sé mar aidhm againn botúin ar 'Plátaí Sráide' na Gaillimhe a cheartú i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Tá sé mar aidhm againn léarscáil nua de Logainmneacha na Gaillimhe a fhoilsiú i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Náisiúnta na hOidhreachta
- Tá sé mar aidhm againn an Coiste Logainmneacha a stiúradh agus a riaradh – ag soláthar ainmneacha feiliúnacha, simplí, i nGaeilge d'eastáit tithíochta nua agus d'fhorbairtí nua eile tógála ar fud na cathrach.
- Tá sé mar aidhm againn polasaí na Comhairle Cathrach maidir le hainmneacha Gaeilge d'eastáit tithíochta agus obair an Choiste Logainmneacha a choinneáil ar siúl.
- Tá sé mar aidhm againn eolas a chur ar fáil faoin scéim do Chomhairlí Cathrach eile mórthimpeall na tíre

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 21

2.2 SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

- I 2006 bhí os cionn 130 ball cláraithe le Gaillimh le Gaeilge.
- Ábhar margaíochta curtha ar fáil do na Cairde ina measc an Nuachtlitir mhíosúil DEIS.
- Ócáidí líonrú míosúla eagraithe do Chairde Ghaillimh le Gaeilge le tinreamh ard i measc na gCairde

BUÍOCHAS

Ba mhaith le Gaillimh le Gaeilge buíochas a ghabháil le muintir na Gaillimhe a thug tacaíocht as cuimse do Ghaillimh le Gaeilge i 2006 trí bheith mar 'Cara', 'Cara Maith' agus 'Dlúthchara'. Is scéim í Cairde Ghaillimh le Gaeilge ina mbíonn deis ag an lucht gnó a bheith páirteach sa ngluaiseacht le Gaillimh a chur chun cinn mar Phríomhchathair Dhátheangach na hÉireann.

CAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

Sarah Stewart agus a mac Seán Óg ag Bairbiciú an tSamhraidh in Óstán an Warwick.

Siubhán Nic Grianna, Údarás na Gaeltachta, (urraitheoir Bhairbiciú Ghaillimh le Gaeilge), An tAire Éamon Ó Cuív, Roinn Gnothai Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, Caitlin Nic an Ultaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge agus Sean Stewart, JSL Group (Stewart) Ltd., (urraitheoir Bhairbiciú Ghaillimh le Gaeilge).

Ag baint sult as Bairbiciú an tSamhraidh in Óstán an Warwick bhí; Diarmuid Ó Conchubhair, Óstán an Warwick, Caroline Gannon, Castle Print agus Liam Heffernan

Proinséas Ó hÓgartaigh, Laoise Mhic Niocaill, Séan agus Máire Stafford agus Eimear Ní hÓgartaigh ag Bairbiciú an tSamhraidh in Óstán an Warwick.

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 22

2 SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANNA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA 2006

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.3

IMEACHTAÍ 2006

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge imeachtaí míosúla chun deis a thabhairt don lucht gnó casadh le chéile go neamhfhoirmiúil, gnó a dhéanamh agus Gaeilge a labhairt nó a chleachtadh.

- Eagraíodh 8 ócáid i rith na bliana idir lónta gnó agus ócáid sóisialta gnó.
- Mar aon leis na gnáthlónta gnó, (6 chinn i 2006) d'eagraigh Gaillimh le Gaeilge **Bairbiciú an tSamhraidh** agus bhí **Lón speisialta Nollag** 2006 i Vina Mara, Sráid Láir.

LÓNTA GNÓ AGUS ÓCÁID SÓISIALTA GNÓ

Dé Céadaoin 25 Eanáir, Lón Gnó Mhí Eanáir in Óstán Jury's, Sráid na Céibhe, Gaillimh.
Dé hAoine 10 Márta 2006, 'Oíche Oscailte Ghaillimh le Gaeilge', thuas staighre sa 'Crane Bar', Bóthar na Farraige, Gaillimh.
Dé Máirt 25 Aibreán 2006, Lón Gnó Mhí Aibreáin i Seniora Maria, Sráid Mhuire, Gaillimh.
Dé Céadaoin 31 Bealtaine, Lón Gnó Mhí na Bealtaine i mbialann an Lemongrass, Póirse Caoch, Gaillimh.
Dé hAoine 23 Meitheamh 2006 Bairbiciú an tSamhraidh in Óstán an Warwick, Bóthar na Trá, Gaillimh.
Dé Máirt 26 Meán Fómhair 2006, Lón Gnó Mhí Mheán Fómhair sa Malt House, Gaillimh.
Dé Máirt 24 Deireadh Fómhair 2006, Lón Gnó Mhí Dheireadh Fómhair i Garvey's Bar, Restaurant & Inn, An Fhaiche Mhór, Gaillimh.
13 Nollaig 2006, Lón na Nollag ar siúl i mBialann Viña Mara, an tSráid Láir, Gaillimh.

Ba mhaith linn buíochas speisialta a ghabháil le JSL Group (Stewart) Ltd. agus Údarás na Gaeltachta as ucht urraíocht a dhéanamh ar 'Bairbiciú an tSamhraidh' arís i 2006 – bhí béile breá agus deochanna blasta ag gach éinne in Óstán an Warwick. Tugann na himeachtaí deis iontach do Ghaillimh le Gaeilge teagmháil a choinneáil le 'Cairde Ghaillimh le Gaeilge' agus aithne a chur ar Chairde nua, rud atá riachtanach don obair.

DIALANN 2006

D'fhoilsigh Gaillimh le Gaeilge mar chuid de sheirbhísí Chairde Ghaillimh le Gaeilge, Dialann Bhliantúil 2006.

Tugadh deis do Chairde Ghaillimh le Gaeilge fógraíocht a dhéanamh sa dialann, tugadh ceann do gach Cara agus díoladh na cinn breise.

Bríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge, David Niland, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge agus Niall Ó Brolcháin, Méara na Gaillimhe ag Bairbiciú an tSamhraidh in Óstán an Warwick, Gaillimh.

Ó Chlé: Pádraig Ó Beaglaoich, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge, Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge ag bronnadh bronntanas ar Kay Tighe, An tIonad Éigeandála um Éigniú na Gaillimhe agus Jimí Ó Fínneadha, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag lón na Nollag Ghaillimh le Gaeilge.

Uinseann Mac Thomáis, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuiathe agus Gaeltachta agus Seán Ó Cearbhaill, Aturnaetha ag freastal ar Lón na Nollag Ghaillimh le Gaeilge

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.3 FÓGRÓIRÍ I NDIALANN 2007

ACADAMH NA HOLLSCOLAÍOCHTA GAEILGE
AN COIMISINÉIR TEANGA
AN ROINN GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE & GAELTACHTA
AN CURADH CONNACHTACH
BANC NA HÉIREANN
BUS ÉIREANN
COMHAIR CREIDMHEASA NAOMH AONTAINE
CUMANN NAOMH UINSEANN DE PÓL
FOINSE
GARVEY'S BAR & RESTAURANT
IRISH TIME DESIGN
IIB BANK
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE MAIGH EO
JSL GROUP (STEWART)LTD.
MEDTRONIC
ÓSTÁN AN ARD OILEÁIN
ÓSTÁN BHAILE CHLÁIR NA GAILLIMHE
POBAL SIMON NA GAILLIMHE
ROTHAR EUROPA
RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA
RADISSON SAS NA GAILLIMHE
SEÁN Ó DOMHNAILL & A MHIC
SEÁN Ó NEACHTAIN FPE
SIMON J. KELLY & PARTNERS
SNAP PRINTING
SEACHTAIN NA GAEILGE
TAIBHDHEARC NA GAILLIMHE
TG4
ÚDARÁS NA GAELTACHTA
WESTBIC

Ba mhaith le Gaillimh le Gaeilge buíochas ar leith a ghabháil leis na Cairde uile a thóg fógra amach sa Dialann – gan sibhse ní bheadh sé ar ár gcumas an Dialann a fhoilsiú ar chor ar bith!

2 SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANNA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA 2006

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.3

DEIS

Cuireadh DEIS - nuachtlitir Chairde Ghaillimh le Gaeilge - amach chuig na Cairde ar fad chuile mhí i 2006.

deis
Nuachtlitir Ghaillimh le Gaeilge
Gradam Barr Caoga do Ghaillimh le Gaeilge
Ag an mBéaltóirín...
Sangria...Sraighleacil.....Cairde
Harrmack Developments

I measc na bpríomhscéalta bhí;

- Buaiteoir *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh 2006,
- Seoladh Oifigiúil Suíomh Idirlín Ghaillimh le Gaeilge,
- Gradam Barr 50 do Ghaillimh le Gaeilge
- Eolas ar imeachtaí míosúla, idir oícheanta amhránaíochta, drámaí agus lónta gnó,
- Eolas ar Chairde, an tseirbhís 'An Ghaeilge sa nGnó' agus go leor leor eile.

ÁR nDLÚTHCHAIRDE

Seo iad na Dlúthchairde a bhí againn i 2006

An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta
An Post
Galway Advertiser
Glenlo Abbey Hotel
Harrmack Developments
Hewlett-Packard (Galway) Ltd.
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Maigheo
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
TG4
Údarás na Gaeltachta

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 25

2007

GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2007

SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

- Tá sé mar aidhm againn leanúint ar aghaidh leis an scéim CAIRDE agus aird a tharraingt uirthi.
- Tá sé mar aidhm againn scéim Chairde Ghaillimh le Gaeilge a leathnú
- Tá sé mar aidhm againn úsáid a bhaint as 'CAIRDE' le méadú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge sa gcathair
- Tá sé mar aidhm againn deimhniú nach gcaillteár aon 'CAIRDE' sa mbliain atá romhainn.
- Tá sé mar aidhm againn CAIRDE nua a mhealladh trí chomhlachtaí a roghnú go straitéiseach.
- Tá sé mar aidhm againn úsáid a bhaint as na lónta gnó ionas go mbainfidh bialanna níos mó úsáid as an nGaeilge– díriú ar 4 bhialann i 2007 do na lónta gnó.

IMEACHTAÍ

- Tá sé mar aidhm againn lónta gnó agus ócáidí sóisialta a eagrú don lucht gnó. chun deiseanna a thabhairt dóibh Gaeilge a labhairt agus líonra teagmhála a chothú eatarthu féin.
- Tá sé mar aidhm againn úsáid a bhaint as na lónta gnó ionas go mbainfidh bialanna níos mó úsáid as an nGaeilge– díriú ar 4 bhialann i 2007 do na lónta gnó.

DEIS

- Tá sé mar aidhm againn leanacht ag seoladh an nuachtlitreach go míosúil: DEIS
- Tá sé mar aidhm againn coinneáil i dteagmháil go rialta le gnólachtaí trí DEIS

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 26

2 SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANNA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA 2006

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.4 SUÍOMH IDIRLÍN GHAILLIMH LE GAEILGE WWW.GLEG.IE

- Rinneadh athchóiriú iomlán ar suíomh idirlín Ghaillimh le Gaeilge i rith 2006 le tacaíocht speisialta ón Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta. Is uirlis mhargaíochta fhíor thábhachtach an suíomh seo do Ghaillimh le Gaeilge agus muid ag cur ár n-aidhmeanna i gcrích.

- Tugadh deis do ghnónna na Gaillimhe agus do mhuintir na Gaillimhe ar fud an domhain úsáid a bhaint as ardáin idirghníomhacha rud a chabhraigh go mór leis an bpobal gnó agus teanga leanúint ag obair as lámha a chéile.

- Cuireadh struchtúr níos éifeachtaí ar mhodhanna cumarsáide Gaillimh le Gaeilge leis an lucht gnó.

- Cuireadh comhairle do ghnólachtaí agus dearthóirí grafaicí le fáil ar an suíomh nua faoin gcleachtas is fearr, agus an cur chuige is fearr céim ar chéim atá cairdiúil don úsáideoir. Tá réimsí eile dírithe ar an bpobal ar fáil ar an suíomh idirlín freisin, ag cur eolas ar fáil faoi imeachtaí agus ócáidí, gnólachtaí a chuireann seirbhís i nGaeilge ar fáil, ranganna agus ballraíocht Chairde Ghaillimh le Gaeilge.

- Tá úsáideoirí in ann eolas a aimsiú faoi *Ghradam* Sheosamh Uí Ógartaigh, *Gradam* atá ag fás as cuimse ó seoladh é i 2002.

Bríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge, Michael Coyle, Príomhfheidhmeannach Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Helen Nic Gabhann, Bainisteoir Tograí Ghaillimh le Gaeilge, An tAire Noel Dempsey Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus David Niland, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe ag seoladh suíomh idirlín nua Ghaillimh le Gaeilge ag comhdháil Bhliantúil don Leathanbhanda in Óstán an Radisson, Gaillimh.

Helen Nic Gabhainn, Bainisteoir Tograí Ghaillimh le Gaeilge, ag míniú na buntáistí den suíomh athchóirithe do Bhainisteoir na Cathrach, Joe McGrath ag seoladh suíomh idirlín nua Ghaillimh le Gaeilge ag comhdháil Bhliantúil don Leathanbhanda in Óstán an Radisson, Gaillimh.



Graf www.gleg.ie 2006

2007

GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2007

SUÍOMH IDIRLÍN GHAILLIMH LE GAEILGE WWW.GLEG.IE

- Tá sé mar aidhm againn i nGaillimh le Gaeilge, go mbeidh an méid is mó úsáideoirí agus is féidir ag clárú leis an suíomh ní amháin chun díospóireacht faoi cheisteanna dhátheangacha a chothú ach freisin faoin gcaoi ar féidir leis an teanga gníomhaíocht eacnamaíochta a ghineadh don chathair.

- Tá sé mar aidhm againn líon na gcuairteoirí a ardú le tuilleadh poiblíochta agus nascanna le suímh eile chun cur le híomhá dhátheangach na Gaillimhe.

- Tá sé mar aidhm againn uasdátú a dhéanamh ar an Eolaire Gnó ar líne chun deis a thabhairt do dhaoine a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Tá an tEolaire Gnó beo ar shuíomh Ghaillimh le Gaeilge agus éasca an liosta a choinneáil cothrom le dáta.

- Tá sé mar aidhm againn níos mó eolais maidir le himeachtaí Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur ar fáil tríd an suíomh idirlín.

- Tá sé mar aidhm againn margaíocht a dhéanamh ar an suíomh chun líon na gcuairteoirí a mhéadú.

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 28

2 SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANNA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA 2006

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

AN GHAEILGE SA nGNÓ

Tá sé mar aidhm ag Gaillimh le Gaeilge, Gaillimh a chur chun cinn mar phríomhchathair dhátheangach agus stádas speisialta dhátheangach a bhaint amach do chathair na Gaillimhe. Tá sé riachtanach, mar sin, go mbeadh an Ghaeilge feiceálach i ngnáthshaol na cathrach. Cuireann Gaillimh le Gaeilge seirbhísí ar fáil chun cabhrú leis an lucht gnó an Ghaeilge a úsáid ina ngnó, más i gcomharthaí, stáiseanóireacht, biachláir, nó ar bhealach ar bith eile a oireann don ghnó é.

- Cuireadh an tseirbhís 'An Ghaeilge sa nGnó' ar fáil do **6 ghnólach**t i rith na bliana agus tugadh moltaí agus spriocanna dóibh go léir leis an nGaeilge nó níos mó Gaeilge a shní isteach ina gcuid gnólachtaí.

Is iad na gnólachtaí seo a leanas a ghlac páirt agus dá thoradh sin, tá siad ag úsáid na Gaeilge ina gcuid gnólachtaí;

ARANDIRECT.COM/CAOL DIREACH GO HARAINN, SRÁID FHORSTER

GLENLO ABBEY HOTEL, PÁIRC NA SCEACH

LOHANS BAR & RESTAURANT, BÓTHAR NA TRÁ

SEODÓIREACHT CHEILTEACH AN CHALADIGH, PARÁID NA SPÁINNEACH

THE KINGS HEAD, SRÁID ARD

TACSAITHE NA GAILLIMHE, SRÁID DOIMINIC

- Rinneadh aistriúchán ginearálta ar 10,741 focal do ghnólachtaí i rith 2006 agus aistriúchán 4,988 focal ar bhiachláir do ghnólachtaí na cathrach.

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.5

COMHARTHAÍOCHT NUA

Is iad seo a leanas na Comhlachtaí a rinne athchóiriú ina gcuid gnónna i 2006 agus a chur comharthaí Gaeilge NUA in airde ag cur go mór le híomhá na Gaillimhe mar Phríomhchathair Dáhátheangach na hÉireann:

A HARTMANN & SON LTD., SRÁID LIAM

CORRIB PRINT & DATA, PÁIRC GHNÓ CHNOC AN MHAOILDRIS

DUNNES STORES, EDWARD SQUARE

SEODÓIRÍ AN CHLADAIGH, SRÁID AN PHRÍOMHGHARDA

THE KINGS HEAD, SRÁID ARD, GAILLIMH

BIACHLÁIR DHÁTHEANGACHA

Is minic a bhaineann Óstáin agus bialanna leas as an tseirbhís 'An Ghaeilge sa nGnó' chun biachláir dhátheangacha a chur ar fáil. Is bealach éifeachtach agus simplí é chun an Ghaeilge a shní isteach sa ngnó go héasca. Seo a leanas roinnt de na hóstáin agus bialanna a chur biachláir dhátheangacha i bhfeidhm i 2006:

FINNEGANS, SRÁID AN MHARGAIDH.

GBC GAILLIMH, SRÁID GHEATA LIAM.

LOHANS BEÁR & BIALANN, BÓTHAR NA TRÁ.

MOCHA BEANS, SRÁID TRASNA.

ÓSTÁN AN ARD OILEÁIN, BOTHAR ARD.

ÓSTÁN AN WARWICK, BÓTHAR NA TRÁ.

VINA MARA, SRÁID LÁIR.

COMHLACHTAÍ A D'ÚSÁID GAEILGE AR A gCUID SUÍMH

www.arandirect.com
www.galwayartsfestival.com
www.galway.net
www.harrmack.ie
www.hessionlife.ie

Dunnes Stores, Edward Square, Gaillimh

Seodóirí an Chladaigh, Sráid an Phríomhgharda, Gaillimh

The Kings Head, Sráid Ard, Gaillimh

A Hartmann & Son Ltd., Sráid Liam, Gaillimh.

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 30

2

SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANNA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2006

2007

GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2007

- Tá sé mar aidhm againn úsáid a bhaint as na meicníochtaí i gComhairle Cathrach na Gaillimhe chun daoine a spreagadh chun comharthaí dhátheangacha a úsáid.
- Tá sé mar aidhm againn díriú go straitéiseach ar chomhlachtaí móra/comhlachtaí idirnáisiúnta nó ionaid siopadóireachta ag a bhfuil tionchar láidir acu ar líon mór daonra. (m.sh. Ollmhargaí, Páirceanna Gnó, Ionaid Spóirt, Bancanna srl) d'úsáid na Gaeilge. Aithin agus dírigh ar 5 Phríomhghnó leis an gcuspóir níos mó Gaeilge feiceálach a bheith i bhfeidhm sa ngnó.
- Tá sé mar aidhm againn díriú ar cheantair taobh amuigh den chathair, m.sh An Baile Thiar, an tIonad Gnó nua a bheas lonnaithe ar shean suíomh 'CROWN' i Muirbheach agus Eastát Tionsclaíoch an Leasa Bháin i gcomhar leis an gCumann Tráchtála agus grupai eile sa gcathair.
- Tá sé mar aidhm againn uasdátú a dhéanamh ar an Eolaire Gnó chun deis a thabhairt do dhaoine a ngnó a dhéanamh trí mhéan na Gaeilge. Tá an tEolaire Gnó beo ar shuíomh Ghaillimh le Gaeilge agus éasca an liosta a choinneáil cothrom le dáta. Spreagadh a thabhairt do dhaoine leas a bhaint as an Eolaire Gnó.

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.5 NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

Tá tuairisciú na meán chumarsáide ar obair Ghaillimh le Gaeilge fíor-thábhachtach dúinn agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na hiriseoirí go léir a chlúdaigh muid i rith na bliana. Ní hamháin go gcoinníonn sé seo an pobal agus an lucht gnó ar an eolas maidir le hobair Ghaillimh le Gaeilge, ach cuireann sé lenár n-íomhá agus lenár bpróifíl sa gcathair. Déanann baill na meán áitiúil agus náisiúnta freastal ar ócáidí agus imeachtaí Ghaillimh le Gaeilge i rith na bliana.

NUACHTÁIN - *GRADAM* SHEOSAMH UÍ ÓGARTAIGH

Galway Advertiser	16/2/06
Galway Independent	22/2/06
The Connacht Sentinel	28/2/06
Galway Advertiser	23/2/06
Galway City Tribune	24/2/06
Galway Independent	1/3/06
Galway Advertiser	2/3/06
Foinse	5/3/06
Saol	8/3/06
Galway Independent	8/11/06
Galway Advertiser	9/11/06
Lá	9/11/06
Saol	12/11/06
Galway Independent	22/11/06
Galway Advertiser	23/11/06
Galway Independent	29/11/06
Galway Advertiser	30/11/06
Galway Independent	6/12/06
Galway Advertiser	7/12/06
Foinse	10/12/06
Galway Independent	13/12/06
Saol	13/12/06
Galway City Tribune	15/12/06
Galway Advertiser	28/12/06
Nuachtlitir Galway Chamber	Nollaig 2006

RAIDIÓ, TEILIFÍS & ÍDIRLÍON - *GRADAM* SHEOSAMH UÍ ÓGARTAIGH

Gaelport.com	10/11/06
Beo.ie	15/11/06
RnaG	15/2/06
Galway Bay FM	23/2/06
RnaG	24/2/06
Galway Bay FM	24/2/06

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 32

2 SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANNA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA 2006

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.5

NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

NUACHTÁIN & IDIRLÍON - GINEARÁLTA

Foinse	1/1/06
Saol	11/1/06
Galway Independent	8/3/06
Galway Advertiser	9/3/06
Galway Advertiser	13/4/06
Galway Independent	26/4/06
Galway City Tribune	28/4/06
Galway Advertiser	4/5/06
Saol	8/5/06
Galway Independent	17/5/06
Galway Independent	24/5/06
Galway Advertiser	1/6/06
Galway Advertiser	8/6/06
Lá	10/6/06
Galway City Tribune	16/6/06
Lotto beneficiary News	19/6/06
Lá	20/6/06
Galway Now Magazine	*Iúil 06*
Foinse	9/07/06
Tribe Vibes	Samhradh 2006
Foinse	13/8/06
Galway Independent	13/9/06
The Connacht Sentinel	26/9/06
Galway Independent	27/9/06
Saol	10/10/06
Galway City Tribune	15/12/06
Foinse	31/12/06

NA NUACHTÁIN & NA hIRISÍ – BAIRBICIÚ AN tSAMHRAIDH

Galway Independent	21/6/06
Galway Advertiser	22/6/06
The Connacht Sentinal	27/6/06
Galway Independent	28/6/06
Galway City Tribune	30/6/06
Saol	5/7/06
Lá	27/6/06
Galway Advertiser	6/7/06

RAIDIÓ & TEILIFÍS - OBAIR GHAILLIMH LE GAEILGE

Cúrsaí an Lae RnaG	16/10/2006
Cúrsaí an Lae RnaG	08/11/2006
Raidió na Life	08/11/2006
Galway Bay FM	23/11/2006
Adhmhaidin RnaG	24/11/2006
Splanc! Newstalk 106	01/12/2006

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.5

NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

COMHLACHTAÍ GAILLIMHEACHA SA BARR 50

Ainmníodh Gaillimh le Gaeilge mar cheann de bhuaiteoirí Ghradaim Bharr-Chaoga do Ghnó le Gaeilge, agus tugadh aitheantas mar gheall ar an obair i gcur chun cinn na Gaeilge san earnáil phríobháideach ghnó, agus mar cheannródaithe sa réimse áirithe seo. Bhí ócáid bhronnta in Óstán an Four Seasons, i mBaile Átha Cliath ar an 9 Meitheamh, agus bronnadh 6 Ghradam Speisialta eile ag an mórfháiltiú. Ba ábhar bróid é do Ghaillimh go raibh dhá chomhlacht Gaillimheach i measc na 6 nduaiseanna seo- **Rí na Mara** agus **An Spailpín Fánach**. Tugadh aitheantas náisiúnta do Ghaillimh le Gaeilge agus d'fhiontraithe na Gaillimhe a bhfuil úsáid na Gaeilge mar chuid lárnach dá ngnó.

Ag freastal ar Barr 50, in Óstán an Four Seasons, i mBaile Átha Cliath bhí; Páidí Ó Leonard, TG4, Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Deirdre agus Séamus Mac Cathmhaoil, Rí na Mara, Gaillimh a bronnadh an *Gradam* Viridian orthu ag an ócáid.

GRADAM BRONNTA AR ARDFHEIDHMEANNACH GHAILLIMH LE GAEILGE.

Fógraíodh Gradaim Mhná Gnó na Bliana de chuid Network na Gaillimhe ag oíche cheiliúrtha in Óstán Westwood i rith na bliana agus ba ar Ardfheidhmeannach Ghaillimh le Gaeilge a bronnadh an *Gradam* do Shárionchur i gCúrsaí Gnó. Dúirt Anne Hession, Uachtarán Network, an t-eagras do Mhná i nGnó, sna Gairmeacha agus sna hEalaíona, go raibh sárobair déanta ag Bríd i ngnéithe leathana den réimse gnó i nGaillimh agus go raibh sí tar éis cur le saol cultúrtha, teangan agus gnó na cathrach tríd a ról mar Ardfheidhmeannach Ghaillimh le Gaeilge. Ba mhór an onóir é an *Gradam* do Ghaillimh le Gaeilge agus ba mhaith an rud é go raibh Network Gaillimh ag tabhairt aitheantais do cheann de na hacmhainní is luachmhaire atá ag Gaillimh, sí sin an Ghaeilge.

I láthair ag bronnadh Gradaim Mhná Gnó na Bliana de chuid Network na Gaillimhe bhí; An tAire Stáit Frank Fahy, David Niland, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Celestine Rowland, Galway Business School, {urraitheoir an Ghradaim} Bríd Ní Chonghóile, Ardfheidhmeannach Ghaillimh le Gaeilge a bronnadh an *Gradam* do Shárionchur i gCúrsaí Gnó, Bláthnáid Ní Chofaigh, RTÉ, agus Anne Hession, Uachtarán Network na Gaillimhe.

2 SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANNA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA 2006

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.5

NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

- D'éirigh thar cinn le Duais na dTeangacha Eorpacha in Óstán an Ard Oileáin i mí Mheán Fómhair 2006. Luaigh Gaillimh le Gaeilge leis na heagarthóirí, Léargas, go mbeadh Gaillimh mar ionad iontach chun na Gradaim seo a bhronnadh ann an chéad uair eile. Bhí áthas orainn gur ghlac siad leis!

- Tugadh aitheantas do 12 buaiteoir as ucht nuálacht agus cumas na dtograí feidhmiú mar shamhail i réimse foghlama teanga agus ag feabhsú caighdeán múineadh agus foghlaim teanga.

- Bhronn Rónan Mac an Iomaire ó TG4 na duaiseanna agus bhí Méara na Gaillimhe, Niall Ó Brolcháin i láthair agus labhair sé cúpla focal i dteangacha an Domhain! Bronnadh Duais an Ambasadóra 2006 ar triúr buaiteoirí ag an searmanas chomh maith. Is í aidhm na duaise seo ná éachtaí daoine aonair a aithint i gcur chun cinn na foghlama teanga, rud atá mar uirlis láidir maidir le sochaí chuimsitheach idirchultúrtha a fhorbairt. Bhí bronnadh na duaise ag comhtharlú le Lá Eorpach na dTeangacha ag aithint an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht teangan ar fud na hEorpa

Ag freastal ar 'Duais na dTeangacha Eorpacha' a bhí ar siúl in Óstán an Ard Oileáin bhí; PJ MacGabhann, Ollscoil Éireann Má Nuaid, Niall Ó Brolcháin, Méara na Gaillimhe, Úna Ní Chiosáin, Ollscoil Éireann Má Nuaid agus Rónán Mac an Iomaire, TG4.

Méara na Gaillimhe Niall Ó Brolcháin ag labhairt ag bronnadh Duais na dTeangacha Eorpacha' a bhí eagraithe ag Léargas atá ar siúl in Óstán an Ard Oileáin i Mí Meán Fhómhair.

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 35

GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2007

2007

- Tá sé mar aidhm againn teagmháil rialta a choiméad leis na meáin faoi imeachtaí Ghaillimh le Gaeilge.
- Tá sé mar aidhm againn altanna trí Ghaeilge a bheith sna Nuachtáin áitiúla.
- Tá sé mar aidhm againn dul i bhfeidhm ar an Raidió Áitiúil le níos mó Gaeilge a úsáid.
- Tá sé mar aidhm againn dul i bhfeidhm ar na meáin náisiúnta maidir le hobair chathair na Gaillimhe ag cur an chathair chun cinn mar phríomhchathair dhátheangach na tíre ag úsáid an chaidrimh atá cothaithe leis na meáin áitiúla.

3

SPRIOC STRAITÉISEACH 3:

ÚINÉIREACHT' AN PHOBAIL DEN GHAEILGE A SHAOTHRÚ i bPOBAL NA CATHRACH 2006

Tá Gaillimh le Gaeilge ag cur an smaoineamh chun cinn go leanúnach, maidir leis an nGaeilge agus íomhá dhátheangach chathair na Gaillimhe a bheith in úinéireacht an phobail, ó tháinig Gaillimh le Gaeilge ar an bhfód i 1987.

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

D'oibrigh Gaillimh le Gaeilge i gcomhar leis na grúpaí éagsúla thíos leis an nGaeilge agus íomhá dhátheangach na cathrach a chur chun cinn.

TÁ IONADAÍOCHT AG GAILLIMH LE GAEILGE AR

- Bord Forbartha Cathrach na Gaillimhe, ina bhfuil 28 ball ar an mbord ó ghníomhairí stáit, ón rialtas áitiúil, ó pháirtithe sóisialta agus forbairt áitiúil. Is í príomhaidhm an Bhoird ná straitéis eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha deich mbliana a sholáthar do chathair na Gaillimhe.
- Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe. Is glór na hearnála deonaí agus Pobail Chathair na Gaillimhe atá i bhFóram Pobail Chathair na Gaillimhe.
- An Grúpa Turasóireachta Cathrach agus Chontae na Gaillimhe atá freagrach as straitéis thurasóireachta inmharthana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do chathair agus Chontae na Gaillimhe.
- Grúpa Ealaíon agus Cultúir Bhord Forbartha Cathrach na Gaillimhe.
- Coiste Polasaí Straitéiseach Áineasa, Taitneamhachta & Cultúir.

TÁ GAILLIMH LE GAEILGE MAR BHALL DE

- Cumann Tráchtála na Gaillimhe
- Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe
- BPW Gaillimh.

Uinseann Mac Thomáis, Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, Niall Ó Brolcháin, Méara na Gaillimhe agus Bríd Ní Chonghóile ag seoladh Tuarascáil Bhliantúil 2006 Bhord Forbartha na Cathrach.

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 37

GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2007

2007

- Tá sé mar aidhm againn comhoibriú le grúpaí eile a fhorbairt agus a neartú
- Tá sé mar aidhm againn an comhoibriú agus an déileáil a bhíonn againn leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, le Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus leis an bpobal gnó a fhorbairt agus a neartú.
- Tá sé mar aidhm againn caidreamh a fhorbairt agus a neartú freisin le pobail na Gaeltachta, go mór mhór na pobail Ghaeltachta sin timpeall chathair na Gaillimhe. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach i gcomhar leis na hOifigigh Gaeilge i gComhairle Chontae na Gaillimhe agus i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus trína heagraíochtaí a bhíonn ag obair le Gaillimh le Gaeilge. Áirítear orthu sin:
  - Bord Forbartha Cathrach na Gaillimhe
  - Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe
  - Grúpa Turasóireachta Cathrach agus Chontae na Gaillimhe
  - Coiste Polasaí Straitéiseach Áineasa, Taitneamhachta & Cultúir.
  - Grúpa Ealaíon agus Cultúir Bhord Forbartha Cathrach na Gaillimhe

"Ba mhaith linn tréaslú leis na heagraíochtaí agus na daoine uilig i gcathair na Gaillimhe atá ag déanamh sárobair i gcur chun cinn na Gaeilge agus mar thoradh ar sin ag cur Cathair na Gaillimhe chun cinn mar Phríomhchathair Dhátheangach na hÉireann."

Coiste Stiúrtha Ghaillimh le Gaeilge

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 38

DLÚTHCAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE 2006

post

GLENLO ABBEY HOTEL

GMIT
GALWAY MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY

Galway Advertiser

HARRMACK DEVELOPMENTS LTD

hp invent

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

TG4

Údarás na Gaeltachta

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 39

GLEG_TUARASCAIL_2609 04/11/2007 16:16 Page 40